

# Scileanna Cibearshaoránaigh agus a bhForbairt san Aontas Eorpach

Tá toilteanas d'fhorbairt, do theagasc agus d'oiliúint scileanna cibearshaoránaigh sonraithe go soiléir ag ballstáit an Aontais Eorpaigh. Ní hamháin go nglactar le scileanna cibearshaoránaigh mar scileanna laethúla agus mar bhealach chun ullmhú do bhagairtí, glactar leo mar chumasóirí daoine aonair, eagraíochtaí agus cumann chomh fada is a bhaineann le digitiú na hEorpa. Is fachtóir suntasach san Aontas Eorpach chomh fada is a bhaineann leis an rás teicneolaíochta domhanda é scileanna cibearshaoránaigh. Is fiú inniúlacht chibearshlándála a fhorbairt ag leibhéal aonair agus sa tsochaí trí chéile. Cruthóidh an tionscnamh Cibearshaoránaigh samhail foghlama do scileanna saoránaigh cibearshlándála agus tairseach foghlama do gach Eorpach. Beidh eolas atá dírithe ar shaoránaigh agus ar spriocphobail dhifriúla le fáil ar an tairseach. Táimid ag tacú le comhoibriú ar fud na hEorpa chomh fada is a bhaineann le cibearshlándáil!

### Tionscnamh Cibearshaoránaigh

- **Tréimhse: 2022–2024**
- **Maoiniú: Cúig mhilliún euro curtha ar fáil ó ionstraim téarnaimh an Aontais do thréimhse trí bliana**
- **Coimisinéir: Aireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne**
- **Seiceadóir: Ollscoil Aalto**
- **Stiúrthóir an Tionscadail: An tOllamh Jarno Limnéll, Ollscoil Aalto**

## Agvik'avshirdit




**Jarno Limnéll**
**jarno.limnell@aalto.fi**



**Marianne Lindroth**
**marianne.lindroth@aalto.fi**

## Céimeanna a bhaineann le dul chun cinn an tionscnaimh:

1. Tosaithe in 2022
**Céim taighde**
Críochnaithe

2. Tosaithe in 2023
**Forbairt na samhla foghlama**

3. 2023-2024
**Tairseach foghlama, forbairt cluiche agus ábhar eile**

Toradh 2024
**Tairseach foghlama agus cluiche foghlama Scileanna Cibearshaoránaigh**

# Tionscnaimh do Phobal na hEorpa

Freagraíonn an tionscnamh scileanna cibearshaoránaigh Cibearshaoránach don riachtanas praiticiúil a bhaineann le cultúr slándála a chruthú i dtimpeallacht dhigiteach atá dírithe ar an duine. Is é an aidhm atá leis an tionscnamh samhail choiteann, chomhroinnte a fhorbairt chun scileanna cibearshaoránaigh a fhoghlaim ar fud an Aontais Eorpaigh atá oiriúnach do gach Eorpach.

Tríd is tríd, beidh an tionscnamh Cibearshaoránaigh mar bhonn le samhail Eorpach a chruthú d'fhoghlaim chibearshlándála a neartóidh cibearshlándáil san Eoraip agus a fhorbróidh cleachtais choiteanna. Bunaithe ar an tsamhail, forbrófar tairseach foghlama dhigiteach. Úsáidfidh an tairseach seo raon leathan modhanna ríomhfhoghlama. Dlúthchuid den tairseach é cluiche cibearshlándála a sholáthraíonn faisnéis agus a éascaíonn tuiscint ar bhealach siamsúil.

I rith na chéad chéime den tionscnamh, rinneadh staidéar ar na modhanna teagaisc, tuairimí agus ábhair an oideachais agus na hoiliúna scileanna cibearshaoránaigh atá in úsáid i ngach ballstát den Aontas Eorpach. Áiríodh anseo saintréithe agus ceanglais náisiúnta na mballstát. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais oifigiúla AE freisin. Lena chois sin, mar chuid den taighde rinneadh anailís ar an gcluiche, measúnú ar innéacsanna cibearshlándála agus léirmheas litríochta. Bailíodh na sonraí a úsáideadh ó raon leathan acmhainní. Tá torthaí an taighde cháilíochtúil seo le fáil i dtuarascáil taighde chuimsitheach anseo.

## Tuairimí bunaithe ar an Tuarascáil Taighde:

**Tá toilteanas soiléir i measc na mBallstát den Aontas inniúlachtaí poiblí a fhorbairt sa réimse cibearshlándála agus tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil. Chabhróidh samhail choiteann sa chomhthéacs seo.**

**Níl na difríochtaí idir na spriocghrúpaí difriúla curtha san áireamh go cuí fós.**

**Níl ach tábhacht mheasartha luaite le creat DigComp na hEorpa i roinnt tíortha den Aontas.**

**Níl na difríochtaí idir na spriocghrúpaí difriúla curtha san áireamh go cuí fós.**

**Tá tuilleadh gairmithe ag teastáil a bheidh toilteanach oibriú mar oiliúnóirí cibearshlándála.**

**Tá cluichí bunaithe mar fhoirm d'iompar sóisialta agus níos mó úsáide á baint astu mar phríomhuirlis foghlama de réir a chéile.**


Aalto University
CYBER CITIZEN
Funded by the European Union NextGenerationEU
MINISTRY OF TRANSPORT AND COMMUNICATIONS

## Figiúirí don Chéad Chéim den Tionscadal:




Tá cultúr cibearshlándála á fhorbairt i mballstáit den Aontas Eorpach faoi láthair. Tógann sé am cultúr a chruthú agus a neartú, rud a chiallaíonn nach mór an obair seo a chur i gcrích go dúthrachtach. Chuige sin, tá gá ar bhonn práinne le gníomhaíochtaí cosúil leis an tionscnamh Cibearshaoránaigh. De réir a chéile, beimid in ann tacú le tuiscint chomhroinnte agus inniúlacht fhairsing mar chuid den ghnáthchultúr, a bhfuil suntas ar leith ag baint leis chomh fada is a bhaineann le todhchaí na sochaí trí chéile agus a cuid saoránach.




# Baineann Cibearshlándáil le gach Duine

Tá beartais straitéiseacha maidir le hoideachas agus oiliúint cibearshlándála réasúnta nua ina lán tíortha. Tá tuiscint ann anois nach iad gairmithe amháin atá freagrach as cibearshlándáil. Seachas sin, glactar leis mar dhlúthchuid de gach gníomhaíocht shóisialta. Tá an cibearspás níos éagsúla agus níos ilúsáidí ná mar a bhí – pointe a bhfuil tuiscint níos fearr air san Aontas Eorpach anois. Tarraingíonn an staid reatha níos mó airde ná riamh ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim leanúnach agus fairsinge na scileanna agus an eolais riachtanaigh. Glactar leis gurb ionann scileanna cibearshaoránaigh agus scileanna dinimiciúla a athraíonn ag brath ar an gcomhthéacs agus ar an timpeallacht, agus sa bhreis ar fhaireachas, ní féidir dóthain béime a leagan ar an ngá atá le foghlaim ar feadh an tsaoil.

Ba cheart go mbeadh scileanna bunúsacha cibearshlándála ag gach duine. Ba cheart cur go díograiseach le forbairt cultúr slándála atá bunaithe ar inniúlacht agus ar shibhialtacht dhaonna. Tá leibhéil dhifriúla inniúlachta ag gach aoisghrúpa, idir thosaitheoirí digiteacha agus saineolaithe digiteacha. Is í an cheist atá le freagairt conas spriocghrúpaí difriúla a chur san áireamh. Tá éagsúlacht mhór le tabhairt faoi deara san fhios gnó bunúsach agus i leibhéal ginearálta an eolais chibearshlándála i mballstáit den Aontas Eorpach. Tá fianaise ar an méid seo le tabhairt faoi deara san éagsúlacht mhór sna hinnéacsanna a thomhaiseann an leibhéal cibearshlándála agus sna tuairimí maidir le conas inniúlacht agus cultúr cibearshlándála a fheabhsú.



Aalto University
CYBER CITIZEN
Funded by the European Union NextGenerationEU
MINISTRY OF TRANSPORT AND COMMUNICATIONS

I mBallstáit den Aontas Eorpach, tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara san ábhar oideachais agus oiliúna cibearshlándála atá le fáil chomh fada is a bhaineann le cáilíocht agus ábhar, agus tá an fhreagracht maidir le hoideachas agus oiliúint a eagrú roinnte ar bhealaí difriúla. Tá tionchar díreach aige seo agus an úsáid ghinearálta agus ar na bealaí a bhfuil oideachas agus oiliúint ar fáil agus ar an seans go mbeidh saoránaigh ag clárú chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais agus oiliúna. Ba cheart cur leis na cúrsaí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán sa réimse cibearshlándála agus sna réimsí comhoibrithe gaolmhara agus ba cheart dúbailt oibre a laghdú. Ceann de spriocanna an tionscnaimh Chibearshaoránaigh é tacú le comhchuibhiú agus le réasúnú an oideachais agus na hoiliúna.

# Scileanna Cibearshaoránaigh, Céard iad?

Is éard atá i gceist le cibearshaoránach duine a bhfuil cónaí air nó uirthi go buan nó go sealadach i mballstát den Aontas agus a úsáideann seirbhísí nó buntáistí digiteacha a eascraíonn as soláthar na seirbhísí sin. Cuimsítear i dtacar sainscileanna cibearshaoránaigh eolas, scileanna agus cumas a theastaíonn sa chibearspás. Páirteach ann tá comhpháirteanna a chabhraíonn le daoine a gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt agus a chothabháil ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil an cumas agus an spreagadh riachtanach acu feidhmiú go ciallmhar chun déileáil le gnéithe difriúla den saol. Má tá scileanna cibearshaoránaigh ag daoine beidh siad in ann freagracht phearsanta agus shóisialta a ghlacadh agus beidh tuiscint acu ar an mbrí atá leis an bhfreagracht seo sa chibearspás.

San Aontas Eorpach, tá gá le sainmhíniú coiteann le haghaidh scileanna cibearshaoránaigh agus bealaí chun leibhéil scileanna a thomhas. Tá tuiscintí éagsúla ar scileanna cibearshaoránaigh ar fud an Aontais, agus níl na scileanna seo sainmhínithe ach ag ballstáit áirithe. D'fhéadfadh go mbeadh sainmhínithe an-chosúil lena chéile, ach mar gheall ar dhifríochtaí náisiúnta agus cultúrtha, ní hionann an tuiscint a bhíonn ag daoine orthu. Tá tionchar suntasach ag an gCreat Eorpach Inniúlachta Digití do Shaoránaigh (DigComp) i bhformhór na mballstát. Chuige sin, shainaithin an fhoireann taighde Cibearshaoránaigh scileanna cibearshaoránaigh praiticiúla a thacóidh le saoránaigh glacadh leis an gcreat DigComp san Aontas Eorpach. Tá scileanna cibearshlándála le fáil i ngach réimse inniúlachta DigComp .i. faisnéis agus litearthacht sonraí, cumarsáid agus comhoibriú, cruthú ábhair dhigitigh, sábháilteacht agus fadhbréiteach.

## Achoimre Innéacs




*Is innéacsanna iad DESI, GCI agus NCSI a thomhaiseann gnéithe difriúla de chibearshlándáil, agus tá scór de 100 pointe luaite le gach ceann acu. Sa tábla, tá na hinnéacsanna do gach tír suimithe agus arna léiriú i ndathanna difriúla sna colúin. Is é 300 an scór féideartha is airde, agus tá scór níos lú ná 250 luaite le gach tír. Tá na tíortha liostaithe sa tábla in ord na bpointí. Tá léargas le fáil san achoimre ar an staid san Aontas Eorpach faoi láthair agus ar an éagsúlacht a bhaineann leis na hinnéacsanna cibearshlándála.*

**Tuigeann daoine prionsabail bhunúsacha na dteicneolaíochtaí atá in úsáid acu agus tuigeann siad conas iad a úsáid ar bhealach slán.**

**Tuigeann daoine an suntas a bhaineann le noirm agus le rialacha mar aon lena gcearta agus freagrachtaí.**

**Tá fios gnó ag daoine a chabhraíonn leo na rudaí atá luachmhar in intinn gach páirtí i ngach cás a thuiscint.**

**Tá daoine in ann smaoineamh go criticiúil agus tá dearcadh criticiúil acu maidir le himeachtaí difriúla agus faisnéis atá ar fáil.**



**Tuigeann daoine an tionchar atá ag a gcuid smaointe agus mothúchán i gcomhthéacsanna difriúla.**

## Scileanna Cibearshaoránaigh

- Faisnéis agus litearthacht sonraí
- Scileanna cumarsáide agus comhoibrithe
- Scileanna fadhbréitigh
- Inniúlacht slándála
- Ábhar digiteach a chruthú

# Eoraip Níos Sábháilte agus Níos Sláine i dTeannta a Chéile

Nuair atá dearcadh dearfach agus tuiscint ar shlándáil ag saoránaigh atá bunaithe ar fhios gnó, bíonn siad níos toilteanaí úsáid a bhaint as seirbhísí digiteacha. Ar an tslí seo, éireoidh leis an Aontas Eorpach a bheith níos inbhuanaithe, iomaíoch agus neamhspleách. Cruthaíonn deiseanna foghlama pobal tuiscint ar an timpeallacht, gníomhaithe agus próisis a bhfuil tionchar acu ar shaol digiteach gach uile dhuine. Trínár scileanna pearsanta féin a fheabhsú, cuirtear ar ár gcumas tairbhe a bhaint as ár gcumas pearsanta agus comhchoiteann agus muinín a bheith againn asainn féin. I rith na dara céime den tionscnamh, cruthaítear coincheap foghlama do scileanna cibearshaoránaigh bunaithe ar an tuarascáil taighde agus go háirithe ar an gcreat cibearscileanna saoránaigh. I rith na tríú céime, deartar tairseach foghlama atá ag teacht leis an gcoincheap foghlama. Beidh ábhar ar an tairseach foghlama do gach saoránach, agus cuirfear spriocghrúpaí difriúla san áireamh san ábhar seo, cosúil le cluiche foghlama cibearshaoránaigh.

Feabhsófar cumas saoránach feidhmiú go sábháilte agus go slán sa domhan digiteach trí thairbhe a bhaint as gnéithe oideachais agus cumarsáide sa tairseach foghlama. Fiafrófar de shaoránaigh páirt a ghlacadh i bpleanáil an ábhair oideachais. Baineann tábhacht le hinfhaighteacht agus le hinrochtaineacht oideachais agus oiliúna nuair a chruthaítear cultúr cibearshlándála comhroinnte atá bunaithe ar inniúlacht a fheabhsú san Aontas Eorpach.

## Bí páirteach sna hiarrachtaí inár dteannta!

Cén cineál oiliúna agus oideachais chibearshlándála a theastaíonn ón Aontas Eorpach? Cruthóidh an dara agus an tríú céim den tionscnamh Cibearshaoránaigh gréasán Eorpach atá bunaithe ar chomhoibriú, a fháilteoidh roimh gach duine ar spéis leo scileanna cibearshaoránaigh a fhorbairt. De bhrí go mbaineann na bagairtí linn ar fad, beidh ar ár gcumas freagairt ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i dteannta a chéile. Fáiltíonn an tionscnamh Cibearshaoránaigh roimh gach duine oibriú linn chun Eoraip níos sábháilte a chruthú le chéile!

**cyber-citizen.eu** **contact@cyber-citizen.eu**



Aalto University
CYBER CITIZEN
Funded by the European Union NextGenerationEU
MINISTRY OF TRANSPORT AND COMMUNICATIONS